Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2005

Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal

AN MHEITHEAL STRAITÉISE TAIGHDE AGUS TIONSCNAMH TEORANTA

Meabhrán Comhlachais

1. AN MHEITHEAL STRAITÉISE TAIGHDE AGUS TIONSCNAMH TEORANTA is ainm don chuideachta.

2. Seo a leanas an bhunaidhm lenar bunaíodh an chuideachta:

   Chun inmharthanacht na Gaeilge mar theanga phobail a chinntiú: sé sin go mbeidh pobail bhuana ann ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga dhúchais agus cumarsáide na bpobal sin,

   D'fhonn an bhunaidhm réamhluaite a chur chun cinn go heisiatach beidh na fochríocha seo a leanas ag an gcuideachta:

   (i) Straitéisí cuimsitheacha comhtháite don Ghaeilge a fhorbairt,
   (ii) Taighde chuí a dhéanamh nó a choimisiúnú le cuidiú leis na straitéisí cuí a fhorbairt,
   (iii) Daoine a fhorbairt agus a chumasú chun dul i mbun oibre go gairmiúil agus go héifeachtach,
   (iv) Tacaíocht airgeadais a thabhairt do thionscnaimh phobalbhunaithe agus nuálaíocha a mbeidh sé mar chuspóirí acu inmharthanacht na Gaeilge a chinntiú mar a mhínítear i mír (2) thuas,
   (v) Gnímh ábhartha a thionscnamh go díreach nuair nach bhfuil struchtúir ann cheana féin chun iad a thabhairt chun cinn,
   (vi) Fóram idirghabhála a chur ar bun chun machnamh agus díospóireacht a spreagadh maidir le háit agus tábhacht na Gaeilge i sochaí chomhaimseartha na hÉireann.
   (m) Fondúireacht airgid a bhunú mar fhochuideachta den chuideachta.
   (n) Fóram díospóireachta a bhunú mar chuid den chuideachta a mbeidh coiste ar leith de ina fhochoiste den chuideachta.

4. Tá teorainn le dliteanas na gcomhaltaí.

SINNE, na daoine leithleacha a bhfuil ár n-ainmneacha agus ár seoltaí foscríofa, is mian linn go ndéanfaí cuideachta dínn de bhun an Mheabhráin Chomhlachais seo.

AINMNEACHA, SEOLTAÍ AGUS TUAIRISCÍ NA SÍNITHEOIRÍ

Breandán Mac Cormaic
43 Páirc Theampall Ruáin
Baile Átha Cliath 16
Stiúrthóir Cuideachta

Muireann Ní Mhóráin

"An Clochán", Páirc Stig Lorcáin
Co Bhaile Átha Cliath
Príomhfheidhmeannach

Pádraig Mac Donncha
Ráth Cairn, Áth Buí
Co na Mí
Bainisteoir Comharchumainn

Cathal Ó Donnghaile
52A an tAlt Mór, Pomeroy
Co Thír Eoghan BT70 2UN
Oide

Ciaran Ó Feinneadha
40 Céide Bhaile Phámair
Baile Átha Cliath 20
Comhairleoir Cánach

Conchúr Ó Giollagáin
11 Bóthar an Chuileáin, An Ceathrú Rua
Co na Gaillimhe
Léachtóir Ollscoile

Deirbhile Nic Craith
164, Faiche Fhearchair, Bóthar Charlemont
Baile Átha Cliath 2
Oifigeach Ceardchumainn

Dónall Ó Baoill
63 Ascaill na Páirce, Caisleán Cnucha
Baile Átha Cliath 15
Ollamh Ollscoile

Mícheál Ó Riabhaigh
40 Gleann Aibhne, Bóthar an Ghoirt
Inis
Co an Chláir
Bainisteoir Teicneolaíochta Faisnéise

Peadar Ó Flatharta
1 Sráid na Mumhan, Baile Phib
Baile Átha Cliath 7
Léachtóir Ollscoile

Séamus Mac Sheáin
53 Bóthar Seoighe
Béal Feirste
Pinsinéir

Arna dhátú an 8ú lá seo de Mheán Fómhair 2006

Finné leis na sínithe anseo thuas:
Dáithí Ó Maolchoille
75 Páirc Weston
Baile Átha Cliath 14
Cuntasóir cairte

Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2005

Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal

AN MHEITHEAL STRAITÉISE TAIGHDE AGUS TIONSCNAMH TEORANTA

Airteagail Chomhlachais

RÉAMHRÁITEACH

1. Sna míreanna seo:
Ciallaíonn "NA STIÚRTHOIRÍ" comhaltaí Bhord na Stiúrthóirí/an Choiste Riartha;
Ciallaíonn "COISTE RIARTHA" Bord na Stiúrthóirí.
Déanfar abairtí a thagraíonn do scríbhinn a fho-léiriú, mura léir a mhalairt d'intinn mar thagairtí a fholaíonn tagairtí do chlódóireacht, liteagrafaíocht, fótagrafaíocht, agus aon mhodhanna eile chun focail a mhacasamhlú nó a atáirgeadh i bhfoirm infheicthe.

COMHALTAÍ

2. (a) Is iad a bheidh ina gcomhaltaí den chuideachta ná:
(i) Na Stiúrthóirí
(ii) Daoine eile a thugann na stiúrthóirí cuireadh dóibh a bheith ina gcomhaltaí agus a ghlacann leis an gcuireadh agus le Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais na cuideachta,
(b) Beidh uasmhéid de chúig chomhalta is fiche ceaptha faoi mhír 2 (a) (ii),
(c) Ní féidir ach daoine aonair a bheith ina gcomhaltaí,
(d) Beidh teorainn bhallraíochta cúig bliana ag na comhaltaí uilig,
(e) Is féidir leis na stiúrthóirí comhaltaí a athcheapadh.

3. Féadfaidh aon chomhalta den chuideachta, no stiúrthóir ar bith, eirí as oifig trí fhógra i scríbhinn a fhágáil in oifig chláraithe na cuideachta agus beidh feidhm leis an éirí as sin chomh luath is a dhéantar é a thaifeadadh i miontuairiscí an Choiste Riartha.

CRUINNITHE

4. Faoi réir mhír 7, tionólfaidh an chuideachta Cruinniú Ginearálta mar Chruinniú Cinn Bhliana na cuideachta, i dteannta aon chruinnithe eile sa bhliain sin, agus sonróidh sé an cruinniú amhlaidh sna fógraí á thionól, agus ní mór an Cruinniú Cinn Bhliana sin a bheith ann lá éigin nach luaithe ná an chéad lá de Mhárta in aon bhliain, agus lá éigin nach déanaí ná an lá deiridh d'Aibreán na bliana sin.

5. Tabharfar Cruinniú Ginearálta Úrghnách ar gach cruinniú ginearálta nach Cruinniú Cinn Bhliana é.

STIÚRTHÓIRÍ

20. (a) Beidh uasmhéid de dheichniúr stiúrthóir.

(b) Beidh cead ag na céad stiúrthóirí líon na stiúrthóirí a ardú go deichniúr.

(c) Beidh tréimhse oifige cúig bliana ag stiúrthóirí, ach amháin na chéad stiúrthóirí. I gcás na chéad stiúrthóirí imeoidh siad as oifig mar seo a leanas:
(i) imeoidh triúr stiúrthóir as oifig tar eis trí bliana oifige,
(ii) imeoidh triúr stiúrthóir eile as oifig tar éis ceithre bliana oifige,
(iii) imeoidh triúr stiúrthóir eile as oifig tar eis cúig bliana oifige.

(d) Is féidir stiúrthóirí a atoghadh chomh fada is nach sáraíonn an fho-mhír seo fo-mhír 20(a) thuas.

(e) Is iad na comhaltaí, ag cruinniú ginearálta cinn bhliana, a roghnófar na stiúrthóirí

21 (a) Is iad na stiúrthóirí ag cruinniú na stiúrthóirí a thoghfar Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach, Rúnaí Oinigh, agus Cisteoir, mar oifigigh na cuideachta,

(b) Beidh tréimhse oifige trí bliana ag na hoifigigh. Is féidir na hoifigigh a atoghadh,

(c) Glaofar Coiste Riartha ar bhord na stiúrthóirí,

(d) Is é an Coiste Riartha a bheidh i gceannas na cuideachta idir cruinnithe ginearálta na cuideachta,

AN GHAEILGE

47. Is trí Ghaeilge a dhéanfar gnó na cuideachta a oiread agus is indéanta sin.

AINMNEACHA, SEOLTAÍ AGUS TUAIRISCÍ NA SÍNITHEOIRÍ

Breandán Mac Cormaic
43 Páirc Theampall Ruáin
Baile Átha Cliath 16
Stiúrthóir Cuideachta

Muireann Ní Mhóráin
"An Clochán", Páirc Stigh Lorcáin
Co Bhaile Átha Cliath
Príomhfheidhmeannach

Pádraig Mac Donncha
Ráth Cairn, Áth Buí
Co na Mí
Bainisteoir Comharchumainn

Cathal Ó Donnghaile
52A an tAlt Mór, Pomeroy
Co Thír Eoghan BT70 2UN
Oide

Ciaran Ó Feinneadha
40 Céide Bhaile Phámair
Baile Átha Cliath 20
Comhairleoir Cánach

Conchúr Ó Giollagáin
11 Bóthar an Chuileáin, An Ceathrú Rua
Co na Gaillimhe
Léachtóir Ollscoile

Deirbhile Nic Craith
164, Faiche Fhearchair, Bóthar Charlemont
Baile Átha Cliath 2
Oifigeach Ceardchumainn

Dónall Ó Baoill
63 Ascaill na Páirce, Caisleán Cnucha
Baile Átha Cliath 15
Ollamh Ollscoile

Mícheál Ó Riabhaigh
40 Gleann Aibhne, Bóthar an Ghoirt
Inis
Co an Chláir
Bainisteoir Teicneolaíochta Faisnéise

Peadar Ó Flatharta
1 Sráid na Mumhan, Baile Phib
Baile Átha Cliath 7
Léachtóir Ollscoile

Séamus Mac Sheáin
53 Bóthar Seoighe
Béal Feirste
Pinsinéir

Arna dhátú an 8ú lá seo de Mheán Fómhair 2006

Finné leis na sínithe anseo thuas:
Dáithí Ó Maolchoille
75 Páirc Weston
Baile Átha Cliath 14
Cuntasóir cairte

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus gan scairchaipiteal

AN MHEITHEAL STRAITÉISE TAIGHDE AGUS TIONSCNAMH TEORANTA

MEABHRÁN

AGUS

AIRTEAGAIL

CHOMHLACHAIS

Uimhir chláraithe 427995

Dáta corpraithe 13 Deireadh Fómhair 2006